
FRA EUROPEAN UNION AGENCY FOR FUNDAMENTAL RIGHTS



# TUARASCÁIL UM CHEARTA BUNÚSACHA —2020



## TUAIRIMÍ FRA




Bhí idir dul chun cinn agus dul ar gcúl le tabhairt faoi deara i ndáil le cosaint na gceart bunúsach in 2019. Déantar athbhreithniú i dTuarascáil um Chearta Bunúsacha 2020 FRA ar mhórfhorbairtí san earnáil, agus tarraingítear aird ar éachtaí agus ar réimsí ar ábhair imní iad go fóill. San fhoilseachán seo cuirtear i láthair tuairimí FRA maidir leis na príomhfhorbairtí sna réimsí téamacha atá curtha san áireamh, mar aon le hachoimre ar an bhfianaise atá ag tacú leis na tuairimí seo. Ar an gcaoi sin, soláthraítear forbhreathnú gairid, ach faisnéiseach, ar na príomhdhúshláin i dtaca le cearta bunúsacha atá os comhair an AE agus a Bhallstáit.

**1** [FÓCAS]
Deich mbliana níos déanaí: poitéinseal iomlán na Cairte a nochtadh

**4**
Comhionannas agus neamh-idirdhealú

**7**
Ciníochas, seineafóibe agus éadulaingt ghaolmhar

**9**
Comhionannas agus Cuimsiú na Romach

**11**
Tearmann, víosaí, imirce, teorainneacha agus lánpháirtiú

**13**
An tsochaí faisnéise, príobháideacht agus cosaint sonraí

**15**
Cearta an Linbh

**17**
Rochtain ar cheartas

**19**
Forbairtí maidir le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas

Críochnaíodh an lámhscríbhinn in Aibreán 2020.

Níl Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha ná aon duine eile a bheadh ag gníomhú thar ceann na Gníomhaireachta freagrach as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis thíos.

Lucsamburg: Oifig na bhFoilseachán, 2020

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-9474-918-5 | ISSN | doi:10.2811/7635 | TK-AM-20-001-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-9474-902-4 | ISSN 2467-3064 | doi:10.2811/194960 | TK-AM-20-001-GA-N |

© Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, 2020

Údaraítear athúsáid ar choinníoll go ndéantar an fhoinse a admháil.

D'fhonn grianghraif cuimsithe anseo a úsáid nó a atáirgeadh, caithfear cead a lorg go díreach ó shealbhóir an chóipchirt.

© Grianghraif:

Clúdach: © iStock/Joel Carillet; © Gettyimages/FG Trade; © iStock/DNY59; © FRA
Leathanach 5: © iStock/Mixmike
Leathanach 6: © iStock/BalkansCat
Leathanach 7: © iStock/yacobchuk
Leathanach 8: (thuas) © iStock/fizkes; (thíos) © iStock/Fertnig
Leathanach 9: © FRA
Leathanach 10: © iStock/Cylonphoto
Leathanach 11, 12 (thuas): © iStock/Joel Carillet
Leathanach 12 (thíos): © iStock/dinosmichail
Leathanach 13: © iStock/gorodenkoff
Leathanach 15: © iStock/skynesher
Leathanach 17: © iStock/asiandelight
Leathanach 18: © iStock/Remus Kotsell
Leathanach 19: © iStock/Jovanmandic
Leathanach 20: (thuas) © iStock/lisegagne; (thíos) © hedgehog94 - stock.adobe.com

1 [FÓCAS]

# DEICH mBLIANA NÍOS DÉANAÍ: POITÉINSEAL IOMLÁN NA CAIRTE A NOCHTADH

**Tá Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ceangailteach ó thaobh dlí le 10 mbliana anuas. Ar leibhéal AE, tá an Chairt infheicthe anois agus tá cultúr nua um chearta bunúsacha spreagtha aici. Ar leibhéal náisiúnta, tá feasacht ar agus úsáid na Cairte teoranta. De réir a chéile, tá méadú ag teacht ar an úsáid atá á baint ag Cúirteanna as an gCairt, rud a léiríonn tionchar na hionstraime nua-aimseartha seo. Ach tá an úsáid atá á baint ag rialtais agus parlaimintí as an gCairt fós íseal. Mar shampla, is beag fianaise atá ann go ndéanann duine ar bith grinnscrúdú go rialta ar an reachtaíocht náisiúnta a thrasuíonn dlí an Aontais maidir le comhoiriúnacht leis an gCairt. D'iarr Comhairle an Aontais Eorpaigh ar na Ballstáit a dtaithí féin ar an gCairt a mhalartú go rialta agus comhlachtaí náisiúnta ábhartha a neartú. Níl sé éasca, áfach, a chur in iúl go beacht, cathain a bhfuil feidhm leis an gCairt ar leibhéal náisiúnta. Is bac mór é sin ar úsáid níos iomláine a bheith á baint as an gCairt. Bacainn thromchúiseach eile is ea easpa feasachta ar bhreisluach na Cairte i gcomparáid le foinsí dlíthiúla reatha, fadbhunaithe. Féadfaidh dlíodóirí a thuigeann an Chairt agus ar féidir leo í a chur i bhfeidhm ar leibhéal náisiúnta agus réigiúnach/áitiúil, dlús a chur faoi úsáid na Cairte agus a cur chun feidhme a fheabhsú. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, oiliúint níos speisialaithe maidir le húsáid na Cairte a chur ar ghníomhaithe náisiúnta.**

Ceanglaíonn Airteagal 51 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ar an AE agus ar na Ballstáit cur i bhfeidhm fhorálacha na Cairte a chur chun cinn, ach is beag atá déanta ar leibhéal náisiúnta maidir leis seo. Sna conclúidí ón gComhairle maidir leis an gCairt, a glacadh i mí Dheireadh Fómhair 2019, iarrtar ar na Ballstáit feasacht ar an gCairt a mhéadú agus oiliúint do lucht ceaptha beartas, do státseirbhísigh agus do dhlíodóirí a fheabhsú, chomh maith le hinstitiúidí náisiúnta um chearta an duine, eagraíochtaí sochaí sibhialta agus cosantóirí eile chearta an duine. Is féidir leo sin ar fad cabhrú chun poitéinseal na Cairte a chomhlíonadh.

D'fhéadfaí feabhas a chur ar sholáthar faisnéise atá ábhartha ó thaobh na Cairte de. Go dtí seo, níl aon fhorléargas comhdhlúite tugtha ar thionscnaimh agus ar thaithí phraiticiúil ar chur chun feidhme na Cairte ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Chomh maith leis sin, níl pointe iontrála aonair i ranna riaracháin na mBallstát chun faisnéis a bhailiú a thagraíonn do thaithí ábhartha agus a nascann comhlachtaí agus daoine aonair ábhartha le chéile ionas gur féidir leo cleachtais mhaithe a chur chun cinn agus taithí a mhalartú ar leibhéal náisiúnta.

## TUAIRIM FRA 1.1

Mar obair leantach ar chonclúidí 2019 ón gComhairle maidir leis an gCairt, ba cheart do Bhallstáit AE breithniú a dhéanamh ar thionscnaimh agus ar bheartais a sheoladh a bhfuil sé mar aidhm leo feasacht agus cur chun feidhme na Cairte ar leibhéal náisiúnta a chur chun cinn. Ba cheart leas a bhaint as poitéinseal na ngníomhaithe náisiúnta ábhartha ar fad. Ba cheart go mbeadh na tionscnaimh agus na beartais a bhaineann leis an gCairt bunaithe ar fhianaise, ag cur le measúnuithe rialta ar úsáid, agus feasacht ar an gCairt i ngach Ballstát. D'fhéadfaí an fhianaise a bhailiú trí idirphlé struchtúrtha idir páirtithe leasmhara éagsúla maidir le húsáid na Cairte ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil.

Ba cheart do Bhallstáit breithniú a dhéanamh ar "phointí fócasacha na Cairte" a ainmniú ina gcuid riarachán náisiúnta. D'fhéadfadh pointí fócasacha den sórt sin comhordú, comhroinnt faisnéise agus comhphleanáil idir aireachtaí náisiúnta a éascú. D'fhéadfaí iad a úsáid freisin mar nasc idir an riarachán náisiúnta agus comhlachtaí eile, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil sainchúram maidir le cearta an duine orthu agus eagraíochtaí sochaí sibhialta, agus idir leibhéil AE agus leibhéil náisiúnta. Ina theannta sin, d'fhéadfaidís bearnaí sa chóras a aithint. D'fhéadfadh na pointí fócasacha faisnéis ábhartha maidir le húsáid na Cairte a chur i dtoll a chéile agus an fhaisnéis sin a roinnt le gníomhaithe náisiúnta ar fud na n-earnálacha ábhartha ar fad agus, más cuí, le húdaráis riaracháin na mBallstát eile agus le hinstitiúidí an Aontais.

## TUAIRIM FRA 1.2

Ba cheart do Bhallstáit AE breithniú a dhéanamh ar a rialacha nós imeachta náisiúnta maidir le grinnscrúdú dlíthiúil agus measúnuithe tionchair ar bhillí a neartú chun comhsheasmhacht leis an gCairt a fheabhsú. Ba cheart go dtagródh nósanna imeachta den sórt sin go sainráite don Chairt ar bhealach atá cosúil le cearta bunreachtúla an duine agus, i gcásanna áirithe, don Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR).

Ba cheart do reachtóirí náisiúnta aird ar leith a thabhairt ar a áirithiú go bhfuil an reachtaíocht lena dtrasuitear dlí AE ag teacht go hiomlán leis an gCairt.

D'fhéadfadh an Coimisiún Eorpach tuilleadh deiseanna a mheas chun institiúidí reachtúla um chearta an duine a mhaoiniú, amhail Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine, comhlachtaí comhionannais nó institiúidí ombudsman, chun cabhrú leo saineolas a fhorbairt maidir le cur i bhfeidhm na Cairte ar leibhéal náisiúnta. Is féidir leis sin a ról maidir le cúnamh a thabhairt do na Ballstáit an Chairt a chur i bhfeidhm a éascú, lena n-áirítear i ndáil le reachtóireacht agus ceapadh beartas, agus nuair a úsáidtear Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa.

Spreagann na conclúidí ón gComhairle maidir le Cairt 2019 Ballstáit chun "comhsheasmhacht leis an gCairt a áirithiú ina rialacha náisiúnta nós imeachta". Tá freagracht ar reachtóirí náisiúnta comhsheasmhacht leis an gCairt a áirithiú nuair a dhéanann siad reachtaíocht an Aontais a ionchorprú sa dlí náisiúnta. Mar sin féin, is annamh a luann noirm nós imeachta náisiúnta maidir le measúnuithe tionchair agus grinnscrúdú dlíthiúil – i gcodarsnacht leo siúd a úsáideann an AE – an Chairt.

Tá go leor de na heagraíochtaí sochaí sibhialta a chomhoibríonn le FRA ar a Ardán um Chearta Bunúsacha, ag iarraidh go gcuirfí breis maoinithe ar fáil d'oiliúint faoin gCairt, agus tá siad ag iarraidh ar an AE athchóiriú a dhéanamh ar a iarrachtaí eolas a bhailiú faoin gcaoi a gcuireann Ballstáit an Chairt i bhfeidhm. Chomh maith leis sin, tá roinnt acu ag iarraidh go gcuirfí treoirlínte praiticiúla cur chun feidhme ar fáil a chabhróidh le comhlachtaí náisiúnta dlí an Aontais a chur chun feidhme i gcomhréir leis an gCairt.

Léiríonn taighde atá déanta ag FRA nach mbaineann Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine (NHRInna) lántairbhe as an gCairt. Sna conclúidí ón gComhairle a glacadh in 2019, leagtar béim ar a "ról ríthábhachtach i gcosaint agus i gcur chun cinn ceart bunúsach agus i gcomhlíontacht leis an gCairt a áirithiú". Áirítear anseo comhairle a chur ar reachtóirí náisiúnta maidir le dlí agus beartais a bheidh le cur san áireamh amach anseo. Is féidir le scéimeanna maoinithe ar leibhéal AE agus náisiúnta cabhrú le NHRInna agus le comhlachtaí eile ag a bhfuil sainchúram maidir le cearta an duine teacht ar shaineolas maidir leis an gCairt.

## TUAIRIM FRA 1.3

Nuair a bhíonn athbhreithniú á dhéanamh ar straitéis oiliúna breithiúnaí na hEorpa 2011-2020, ba cheart don Aontas oiliúint spriocdhírithe phraiticiúil a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ba cheart deiseanna oiliúna a bhaineann leis an gCairt a chur chun cinn freisin i mbeartais agus i gcláir eile de chuid an Aontais chun a áirithiú gur féidir le dlíodóirí agus státseirbhísigh, mar aon le saineolaithe atá ag obair in institiúidí reachtúla náisiúnta um chearta an duine, leas a bhaint as scéimeanna oiliúna atá á gcur ar fáil ar leibhéal AE agus náisiúnta.

Ba cheart do Bhallstáit AE oiliúint rialta, spriocdhírithe agus bunaithe ar riachtanais maidir le cur i bhfeidhm na Cairte a chur ar fáil dá mbreithiúna agus dá ndlíodóirí eile. Ba cheart acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil d'institiúidí náisiúnta um chearta an duine agus dá líonraí ar leibhéal an Aontais chun oiliúint a chur ar an bhfoireann maidir le cur i bhfeidhm na Cairte.

Tá oiliúint speisialaithe de dhíth ar dhlíodóirí agus ar oifigigh riaracháin phoiblí chun an Chairt, ionstraim réasúnta nua, a chur i bhfeidhm go héifeachtach. I gcás go leor dlíodóirí a fuair oiliúint sa dlí roinnt mhaith blianta ó shin, níorbh chuid dá gcuraclaim oideachais an Chairt. Tá eolas fónta ar chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) ag teastáil chun an Chairt a úsáid. Ní mór do dhlíodóirí cur amach a bheith acu ar an gcásdlí ionas go dtuigfidh siad nuair atá feidhm leis an gCairt, cé acu an ceart nó prionsabal é foráil ar leith den Chairt, agus an féidir feidhm a bheith ag an gCairt idir páirtithe príobháideacha (éifeacht dhíreach chothrománach) i gcomhthéacs ar leith.

Is annamh a dhíríonn an oiliúint bhreithiúnach ar chearta bunúsacha. Thairis sin, tá éagsúlacht mhór, ó Bhallstát go Ballstát, sa mhéid úsáide a bhaineann dlíodóirí as na deiseanna oiliúna atá ar fáil. Léiríonn taighde atá déanta ag FRA gur annamh a chuireann eagraíochtaí sochaí sibhialta um chearta an duine oiliúint ar an gCairt ar fáil, agus gur annamh a ghlacann siad páirt in oiliúint. Chuir níos lú ná leath den 25 institiúid náisiúnta um oiliúint bhreithiúnach a ndeachaigh FRA i gcomhairle leo in iúl gur tairgeadh oiliúint níos ábhartha faoin gCairt nó gur músclaíodh níos mó spéise sa Chairt le 10 mbliana anuas.

Tá malartú taithí a tharlaíonn nuair a chuirtear an Chairt i bhfeidhm ríthábhachtach ar dhá chúis. Ar an gcéad dul síos, níl ach méid áirithe taithí ag daoine ar an gCairt a úsáid. Is ceannródaithe iad go fóill. Ar an dara dul síos, tá gné thrasnáisiúnta ag baint le go leor cásanna ina mbíonn ról ag an gCairt, mar shampla, má bhíonn Barántas Gabhála Eorpach i gceist leo. Ciallaíonn sé seo go mbaineann tábhacht ar leith le malartuithe idirnáisiúnta cleachtas.

Thug an Chomhairle gealltanas le déanaí do Mheitheal na Comhairle um Chearta Bunúsacha, um Chearta na Saoránach agus um Shaorghluaiseacht Daoine (FREMP) idirphlé bliantúil faoin gCairt a reáchtáil. Tugann sé seo aitheantas don bhreisluach a bhaineann lena leithéid sin de mhalartuithe. Rachadh bonn láidir fianaise chun tairbhe don phlé.

## TUAIRIM FRA 1.4

Ba cheart don Chomhairle agus do na Ballstáit AE a áirithiú go ndéanfaí nuashonrú rialta ar an modúl a tugadh isteach le déanaí ar an ardán r-cheartais ar a mbailítear taithí agus gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gCairt. Chomh maith leis sin, ba cheart dóibh feasacht a mhúscailt faoin uirlis nua seo i measc comhlachtaí náisiúnta ábhartha, lena n-áirítear Institiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine, gníomhaithe na sochaí sibhialta, lucht acadúil agus comhlachais ghairmiúla. D’fhéadfadh fianaise, amhail fianaise a bailíodh tríd an ardán nua, a bheith mar bhonn leis an malartú Cairte nua i Meitheal na Comhairle um Chearta Bunúsacha, um Chearta Saoránach agus um Shaorghluaiseacht Daoine (FREMP).

Ba cheart d’institiúidí an Aontais agus do na Ballstáit fóraim bhreise agus deiseanna breise malartaithe a fhiosrú chun breithiúna, parlaimintí náisiúnta agus an tsochaí shibhialta a thabhairt le chéile ar fud an AE. Mar shampla, d’fhéadfadh parlaimintí náisiúnta úsáid a bhaint as an gComhdháil de na Coistí Parlaiminteacha um Ghnóthaí an Aontais de chuid Pharlaimintí an Aontais Eorpaigh (COSAC) mar fhóram den sórt sin. Ina theannta sin, d’fhéadfadh líonraí éagsúla cur leis an taithí a fuarthas roimhe seo agus páirt a ghlacadh in idirphlé rialta i measc na mbreithiúna náisiúnta faoin gCairt. Áirítear ina measc an Gréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach (GEOB), Gréasán Breithiúnach an Aontais Eorpaigh (RJEU), agus Comhlachas Chomhairlí Stáit agus Uas-Dlínsí Riaracháin an Aontais Eorpaigh (ACA). D’fhéadfaí malartuithe idir eagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta a eagrú trí ardáin iomchuí. D’fhéadfadh comhlachtaí neamhbhreithiúnacha cur leis na samplaí atá ar fáil agus malartuithe rialta Cairte a bhunú trí Líonra Eorpach na gComhlachtaí Comhionannais (Equinet) agus Líonra Eorpach na nInstitiúidí Náisiúnta um Chearta an Duine (ENNHRI). Ba cheart torthaí malartuithe den sórt sin a scaipeadh sna teangacha náisiúnta faoi seach lena ráthú go gcuirtear an fhaisnéis faoi bhráid na ngníomhaithe ábhartha ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil.

# 2

# COMHIONANNAS AGUS NEAMH-IDIRDHEALÚ

**Níor glacadh leis an Treoir um Chóir Chomhionann in 2019, a rabhthas ag súil leis le fada, rud a chiallaíonn go bhfuil creat dlíthiúil an Aontais Eorpaigh maidir le neamh-idirdhealú neamhiomlán. Mar sin féin, cuireadh dlús leis an gclár oibre comhionannais nuair a ceapadh Coimisinéir nua um Chomhionannas agus nuair a glacadh le hionstraimí dlí nua atá nasctha le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ba chúis imní i gcónaí é éifeachtacht agus neamhspleáchas na gcomhlachtaí comhionannais, príomhghné den chreat beartais comhionannais. Thug an AE agus na Ballstáit faoi thionscnaimh chun bailiú agus úsáid sonraí comhionannais a neartú, lena n-áirítear trí thástáil idirdhealaithe. Idir an dá linn, d'eascair reachtaíocht agus pleananna gníomhaíochta as beartais náisiúnta comhionannais agus neamh-idirdhealaithe. Is é atá mar aidhm le cuid acu cosaint grúpaí an-leochaileacha a fheabhsú. Is é atá mar aidhm le cuid eile acu toirmeasc a chur ar idirdhealú. Rinneadh dul chun cinn i ndáil le cearta bunúsacha daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha agus idirghnéasacha (LGBTI/LADTI) i roinnt Ballstát. Ag an am céanna, bhí frithfhreagairt ann i gcoinne an chirt bhunúsaigh chun neamh-idirdhealaithe i mBallstáit eile.**

### TUAIRIM FRA 2.1

Ba cheart don reachtóir AE leanúint de gach bealach féideartha a fhiosrú chun an Treoir um Chóir Chomhionann a ghlacadh gan a thuilleadh moille, i bhfianaise na fianaise leanúnaí d'idirdhealú ar bhonn reiligiúin nó creidimh, míchumais, aoise nó gnéaschlaonta i réimsí amhail oideachas, cosaint shóisialta, agus rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí, lena n-áirítear tithíocht. D'áiritheofaí leis sin go dtabharfaí cosaint chuimsitheach in aghaidh an idirdhealaithe sna príomhréimsí saoil sin le reachtaíocht an AE.

Is é Airteagal 19 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús atá le reachtaíocht AE chun idirdhealú atá bunaithe ar inscne, bunadh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh a chomhrac. Go dtí seo, ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh reachtaíocht lena dtugtar cosaint in aghaidh idirdhealaithe ar fhorais inscne agus bunadh ciníoch nó eitneach i bpríomhréimsí an tsaoil. Cuimsítear i measc na bpríomhréimsí sin, fostaíocht agus slí bheatha, oideachas, cosaint shóisialta, agus rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí, tithíocht san áireamh. Os a choinne sin, cosnaíonn reachtaíocht AE in aghaidh idirdhealaithe ar na forais seo a leanas - reiligiún nó creideamh, míchumas, aois agus gnéaschlaonadh, ach i réimse na fostaíochta amháin. Mar thoradh air sin, faoi dhlí an AE, tá níos mó cosanta ag roinnt de na saintréithe a leagtar amach in Airteagal 19 CFAE – inscne agus bunadh ciníoch nó eitneach – ná mar atá ag saintréithe eile – reiligiún nó creideamh, aois, míchumas agus gnéaschlaonadh.

Mhol an Coimisiún Eorpach Treoir um Chóir Chomhionann (COM (2008) 426) in 2008. Dhúnfaí an bhearna sin trí chosaint in aghaidh an idirdhealaithe ar na forais seo a leanas - reiligiún nó creideamh, aois, míchumas agus gnéaschlaonadh a leathnú chuig réimsí an oideachais, na cosanta sóisialta agus na rochtana ar earraí agus ar sheirbhísí.

Le linn na bliana 2019, rinneadh iarrachtaí athnuaite deireadh a chur le dúshláinn na caibidlíochta sa Chomhairle maidir leis an ionstraim dlí ríthábhachtach seo. Mhol an Coimisiún Eorpach go n-aistreofaí ó chóras aontoilíochta go córas tromlaigh cháilithe trí leas a bhaint as clásal *passerelle* ginearálta faoi Airteagal 48(7) den Chonradh ar an AE (CAE). Thionóil Uachtaránacht na Fionlainne ar an gComhairle díospóireacht bheartais na n-airí chun plé a dhéanamh ar bhealaí chun bogadh ar aghaidh. Léiríodh i rith an phlé go bhfuil a lán Ballstát AE i bhfabhar an treoir a ghlacadh mar bhealach chun na bearnaí i reachtaíocht an Aontais a líonadh agus chun a áirithiú go gcaithfear go cothrom le gach duine. Mar sin féin, ag deireadh na bliana níor éirigh leis an gComhairle teacht ar an gcomhdhearcadh a bhí ag teastáil.

Is ann i gcónaí don idirdhealú agus don neamhionannas ar fhorais éagsúla sa saol laethúil ar fud an AE. Deimhníonn torthaí shuirbhéanna FRA, an tEorabharaiméadar Speisialta ar Idirdhealú san AE, agus staidéir náisiúnta atá bunaithe ar thástáil idirdhealaithe a foilsíodh in 2019 an méid sin. Déanann daoine a fhulaingíonn idirdhealú é a thuairisciú go hannamh d'údarás ar bith, mar a léirítear i suirbhéanna FRA go comhsheasmhach freisin. Cé go bhfuil comhlachtaí comhionannais ag gach Ballstát san AE, is é sin an Treoir maidir le Comhionannas Ciníocha (2000/43/CE) agus roinnt treoracha maidir le sainordú comhionannais inscne.

Ceann de phríomhchúraimí na gcomhlachtaí comhionannais sin is ea cúnamh neamhspleách a chur ar fáil d'íospartaigh idirdhealaithe agus a gcuid gearán á gcur i gcrích acu. Nuair a fiafraíodh díobh cén fáth nár thuairiscigh siad idirdhealú, is é an freagra is minice a thugann na híospartaigh ná go gceapann siad nach n-athródh aon rud dá ndéanfaidís an t-idirdhealú a thuairisciú. Tugann sé seo le fios go mbaineann dúshláin le héifeachtacht, neamhspleáchas agus leordhóthanacht acmhainní daonna, airgeadais agus teicniúla na gcomhlachtaí comhionannais; tá fianaise orthu seo le fáil freisin sna tuarascálacha tíre a d'fhoilsigh Coimisiún Eorpach i gcoinne an Chiníochais agus na hÉadulaingthe (ECRI) Chomhairle na hEorpa in 2019 laistigh dá cúigiú timthriall monatóireachta.

## TUAIRIM FRA 2.2

Ba cheart do Bhallstáit a áirithiú gur féidir le comhlachtaí comhionannais na cúraimí a shanntar dóibh i reachtaíocht AE maidir le neamh-idirdhealú a chomhlíonadh go héifeachtach. Is éard atá i gceist leis sin a áirithiú go bhfuil comhlachtaí comhionannais neamhspleách agus go bhfuil dóthain acmhainní acu. Agus an méid sin á dhéanamh acu, ba cheart do na Ballstáit aird chuí a thabhairt ar an Moladh ón gCoimisiún Eorpach maidir le caighdeáin do chomhlachtaí comhionannais, chomh maith le Moladh Beartais Ghinearálta Uimh. 2 athbhreithnithe ECRI.

Tá sonraí comhionannais fíor-riachtanach chun bonn eolais a chur faoi bheartais neamh-idirdhealaithe ar bhonn fianaise, chun faireachán a dhéanamh ar threochtaí agus chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme na reachtaíochta i gcoinne an idirdhealaithe. Mar sin féin, mar a aithníonn Grúpa Ardleibhéil AE maidir leis an Neamh-Idirdhealú, Comhionannas agus Éagsúlacht (HLG), níl cur chuige comhordaithe ag Ballstáit AE fós maidir le bailiú agus úsáid sonraí comhionannais.

Aithníonn an HLG na dúshláin eile atá i gcoiteann ag na Ballstáit. Cuimsítear ina measc éagothroime ar fhorais idirdhealaithe agus réimsí eile den saol a mbailítear sonraí ina leith, chomh maith le comhairliúcháin neamhleora le páirtithe leasmhara ábhartha nuair a bhíonn sonraí á mbailiú agus á gcur chun feidhme. Sna *Guidelines on improving the collection and use of equality data* (Treoirlínte maidir le feabhas a chur ar bhailiú agus úsáid sonraí comhionannais) ar ghlac an HLG leo in 2018, tugtar treoir nithiúil maidir le conas aghaidh a thabhairt ar na dúshláin seo ar leibhéal náisiúnta.

In 2019, d'fhoilsigh Foghrúpa HLG um Shonraí Comhionannais, faoi stiúir FRA, dhá uirlis bhreise. Tugann an choimre de chleachtais maidir le sonraí comhionannais spreagadh chun na treoirlínte a chur chun feidhme go praiticiúil. Is féidir an uirlis dhiagnóiseach léarscáilithe a úsáid chun bearnaí sna sonraí a shainaithint agus mar bhonn le mol sonraí comhionannais a fhorbairt. Tá na treoirlínte agus na huirlisí comhlántacha á gcur i bhfeidhm cheana féin ag roinnt Ballstát de chuid an Aontais mar bhonn le feabhsuithe. Cé gur dírithe ar Bhallstáit atá na treoirlínte, is féidir le hinstitiúidí agus comhlachtaí an AE iad a chur i bhfeidhm freisin de réir analaí chun faireachán ar éagsúlacht a neartú.

## TUAIRIM FRA 2.3

Ba cheart do Bhallstáit AE dlús a chur leis na hiarrachtaí i dtreo cur chuige comhordaithe maidir le bailiú sonraí comhionannais d'fhonn sonraí comhionannais a úsáid mar bhonn le beartais fhianaise-bhunaithe i réimse an chomhionannais agus an neamh-idirdhealaithe. Ba cheart dóibh brath ar thacar cuimsitheach d'uirlisí bailithe sonraí, lena n-áirítear suirbhéanna agus tástáil idirdhealaithe, agus straitéisí a fhorbairt chun cásanna a ghabháil go leordhóthanach ina ndéanann forais éagsúla idirdhealaithe trasnú nó ina ngníomhaíonn siad i dteannta a chéile. Nuair a bhíonn sé sin á dhéanamh, ba cheart do Bhallstáit AE aird chuí a thabhairt ar na Treoirlínte maidir le bailiú agus úsáid sonraí comhionannais ar ghlac Grúpa Ardleibhéil AE maidir leis an Neamh-Idirdhealú, Comhionannas agus Éagsúlacht, a fheabhsú. D'fhéadfaidís úsáid a bhaint freisin as an uirlis léarscálaithe agus as an gcoimre de na cleachtais atá ag cur leo. Ba cheart d'institiúidí agus do chomhlachtaí AE smaoineamh ar na treoirlínte seo a chur i bhfeidhm laistigh dá struchtúir féin.



Le linn na bliana freisin, chonacthas méadú ar an úsáid a bhaintear as tástáil idirdhealaithe chun fianaise oibiachtúil ar idirdhealú a chur ar fáil. Cuireann sé seo le foinsí eile amhail suirbhéanna ar eispéiris idirdhealaithe. Thairis sin, thug roinnt Ballstát AE níos mó airde ar an idirdhealú a eascraíonn as meascán nó trasnú de níos mó ná foras amháin – il-idirdhealú agus idirdhealú trasnach.

## TUAIRIM FRA 2.4

Moltar do Bhallstáit AE leanúint ag glacadh le bearta sonracha agus iad a chur chun feidhme lena áirithiú go mbeidh daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha agus idirghnéasacha (LGBTI/LADTI) in ann lántairbhe a bhaint as a gcearta bunúsacha faoi dhlí AE agus faoin dlí náisiúnta. Ba cheart do na Ballstáit bearta a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar thionchar díobhálach na ráiteas homafóbach agus trasfóbach a dhéanann údaráis phoiblí nó oifigigh phoiblí. Ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar an bhfianaise atá ar fáil maidir le hidirdhealú, lena n-áirítear sonraí faoi Shuirbhé II LGBTI/LADTI FRA, chun bearnaí cosanta a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach leordhóthanach. Ba cheart, go háirithe, bearta a dhéanamh chun sábháilteacht a áirithiú do dhaoine óga LGBTI/LADTI ar scoil.

I mí Feabhra 2019, d'iarr Parlaimint na hEorpa ar an gCoimisiún Eorpach doiciméad straitéiseach nua a ghlacadh chun comhionannas a chothú do dhaoine LADTI sna blianta amach romhainn. Dhéanfadh sé obair leantach ar *Liosta gníomhaíochtaí an Choimisiúin 2016-2019 d'fhonn comhionannas LADTI a chur chun cinn*. Ina chlár oibre le haghaidh 2020, chuir an Coimisiún Eorpach straitéis thiomnaithe san áireamh chun comhionannas daoine LADTI a áirithiú ar fud an Aontais Eorpaigh.

In 2019, cuireadh cearta bunúsacha daoine LADTI chun cinn i roinnt Ballstát. Go háirithe, tugadh breis ceart do lánúineacha comhghnéis, agus leathnaíodh dlíthe frith-idirdhealaithe chun féiniúlacht inscne nó saintréithe gnéasacha a chumhdach go sainráite.

I roinnt Ballstát, áfach, dhiúltaigh parlaimintí do dhréachtdhlíthe a bhí dírithe ar aitheantas dlíthiúil a thabhairt do lánúineacha comhghnéis. I roinnt Ballstát eile fós, chuaigh an ceart chun neamh-idirdhealaithe nó saoirse tionóil maidir le comhionannas daoine LADTI céim ar gcúl.

In 2019, rinne FRA a dara Suirbhé LADTI. Léirítear sna torthaí go bhfuil idirdhealú á dhéanamh i gcónaí ar daoine LADTI in go leor réimsí den saol. Ar an 18 Nollaig, ghlac Parlaimint na hEorpa le rún maidir le hidirdhealú poiblí agus fuathchaint i gcoinne daoine LADTI. Déantar na treochtaí reatha, ar ábhar imní iad, a tugadh faoi deara ar fud an AE a mheas sa rún. Áirítear ina measc "ionsaithe ar lárionaid shóisialta LADTI i roinnt Ballstát, ráitis homafóbacha agus fuathchaint atá dírithe ar dhaoine LADTI, go háirithe i gcomhthéacs toghchán; nó ionstraimí dlí a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm chun srian a chur ar na meáin, ar oideachas agus ar ábhar eile ar bhealach a chuireann srian míchuí ar shaoirse tuairimí a nochtadh maidir le saincheisteanna LADTI".



# 3

# CINÍOCHAS, SEINEAFÓIBE AGUS ÉADULAINGT GHAOLMHAR



**Naoi mbliana déag tar éis ghlacadh na Treorach maidir le Comhionannas Cíníocha agus 11 mbliana tar éis ghlacadh an Chinnidh Réime maidir le Ciníochas agus Seineafóibe, ní raibh roinnt Ballstát tar éis reachtaíocht ábhartha an Aontais a thrasuí agus a chur i bhfeidhm i gceart. Leag an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine agus na cúirteanna náisiúnta síos caighdeáin maidir leis na teorainneacha a bhaineann le saoirse cainte agus le gríosú chun fuatha agus fuathchainte. Ag an leibhéal AE, bhí roinnt forbairtí beartais ann in 2019 maidir le frith-Sheimíteachas, ach níor thug mórán forbairtí aghaidh ar chiníochas agus ar sheineafóibe. Ghlac roinnt Ballstát beartais chun aghaidh a thabhairt ar chiníochas ar bhealach níos fearr agus chun daoine a spreagadh chun fuathchoireacht a thuairisciú, ach bhain deacracht fós leis an tionchar a bhí acu a mheas. Lean daoine a bhfuil cúlra mionlaigh acu agus imircigh de bheith ag déileáil le ciapadh, foréigean agus idirdhealú eitneach agus ciníoch i réimsí difriúla den saol san Aontas Eorpach, de réir torthaí ó shuirbhéanna agus ó vótáil. Bhain dúshlán fós le próifíliú eitneach idirdhealaitheach in 2019, rud a léiríodh i dtaighde a rinneadh i roinnt Ballstát.**

In Airteagal 1 den Chinneadh Réime maidir le Ciníochas agus Seineafóibe (2008/913/CGB) leagtar amach bearta atá le déanamh ag Ballstáit chun iompar ciníoch agus seineafóbach d’aon ghnó a phionósú. Ceanglaíonn Airteagal 4 ar na cúirteanna freisin inspreagadh claonta a bhreithniú mar imthoisc ghéaraitheach nó é a chur san áireamh nuair atá cinneadh á dhéanamh maidir leis na pionóis a fhorchuirtear ar chiontóirí. Dearbhaítear in Aithris 63 den Treoir um Chearta Íospartach (2012/29/AE) gur gá oiliúint a chur ar chleachtóirí chun tuairisciú coireanna a spreagadh agus a éascú, agus gur gá bearta a chur i bhfeidhm chun tuairisciú tríú páirtí a chumasú. Is éard atá i gceist le cur chun feidhme dhlí an AE a áirithiú gur féidir le híospartaigh agus finnéithe fuathchoireacht a thuairisciú, agus go sainaithníonn póilíní íospartaigh fuathchoireachta agus go ndéanann siad an spreagadh ciníochais a thaifeadadh tráth an tuairiscithe.

Faoi 2019, ní raibh forálacha an Chinnidh Réime trasuite go hiomlán agus i gceart ag roinnt Ballstát, mar a léirítear i dtuarascálacha ó chomhlachtaí faireacháin idirnáisiúnta agus ó eagraíochtaí sochaí sibhialta. Leag an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine agus na cúirteanna náisiúnta síos teorainneacha maidir le saoirse cainte a úsáid chun caint naimhdeach agus gríosú chun fuatha a fhírinniú. Ghlac roinnt Ballstát treoirlínte maidir le pearsanra ceartais choiriúil i ndáil le fuathchoireacht a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Thug roinnt acu aghaidh ar thearcthuairisciú trí thuairisciú tríú páirtí agus rannpháirtíocht an phobail. Mar sin féin, tá an fhuathchoireacht fós gan tuairisciú agus gan taifead go forleathan, agus ní leor an bailiúchán sonraí náisiúnta maidir le fuathchoireacht, rud atá á léiriú go leanúnach ag taighde FRA agus ag staidéir eile.

## TUAIRIM FRA 3.1

Ba cheart do Bhallstáit AE forálacha an Chinnidh Réime maidir le Ciníochas agus Seineafóibe a Chomhrac a thrasuí agus a chur i bhfeidhm go hiomlán agus i gceart. Ina theannta sin, ba cheart dóibh na bearta is gá a dhéanamh chun coireacht atá dírithe ar chlaontacht (fuathchoireacht) a choiriúlú, agus déileáil le hinspreagadh ciníoch agus seineafóibeach mar imthoisc ghéaraitheach.

Ba cheart do Bhallstáit AE bearta a chur i bhfeidhm a spreagann tuairisciú na fuathchoireachta agus a éascaíonn an t-íospartach a chur i dtreo seirbhísí tacaíochta. Ina theannta sin, ba cheart dóibh a áirithiú go ndéanfar aon fuathchoireacht líomhnaithe a thaifeadadh, a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a thriail go héifeachtach. Ní mór é seo a dhéanamh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, Aontais, Eorpach agus idirnáisiúnta is infheidhme maidir le cearta an duine.

Ba cheart do Bhallstáit AE tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh sonraí maidir leis an bhfuathchoireacht a thaifeadadh go córasach, na sonraí a thiomsú agus iad a fhoilsiú go bliantúil. Ba cheart go mbeadh na sonraí imdhealaithe, ar a laghad, bunaithe ar inspreagadh claontachta, an cineál coireachta, agus inscne agus aois an íospartaigh/na n-íospartach agus dhéantóir(í) na coire, chun cur ar a gcumas freagairtí dlí agus beartais atá éifeachtach agus fianaise-bhunaithe a fhorbairt don fheiniméan seo. Ba cheart aon sonraí a bhailiú i gcomhréir le creataí dlíthiúla náisiúnta agus le reachtaíocht cosanta sonraí AE.

## TUAIRIM FRA 3.2

Ba cheart do Bhallstáit AE feabhas suntasach a chur ar éifeachtacht a mbeart agus a socruithe institiúideacha chun reachtaíocht AE agus reachtaíocht náisiúnta in aghaidh an idirdhealaithe a fhorfheidhmiú. Go háirithe, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil na smachtbhannaí sách éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Ar an tslí sin, is féidir na bacainní a mbíonn mionlaigh eitneacha agus inimircigh ag déileáil leo a laghdú nuair a dhéanann siad iarracht rochtain a fháil ar oideachas, fostaíocht agus seirbhísí, tithíocht san áireamh.

Chun dul i ngleic le claontacht a d'fhéadfadh a bheith ann i leith daoine ar de ghrúpaí eitneacha mionlaigh iad, agus chun rochtain chomhionann ar an margadh saothair agus rannpháirtíocht sa mhargadh sin a áirithiú, d'fhéadfadh gnéithe éagsúla a bheith i gceist le bearta. Áirítear ina measc beartais earcaíochta gan ainm a bhunú; faireachán a dhéanamh ar chleachtais idirdhealaitheacha; feasacht a mhúscailt agus oiliúint a sholáthar maidir le claontacht neamh-chomhfhiosach; tacú le fostóirí agus le comhpháirtithe sóisialta chun idirdhealú agus bacainní eile ar rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a chomhrac; agus oiliúint i gcoinne an idirdhealaithe a chur ar fáil d'fhostóirí i gcuideachtaí príobháideacha agus i seirbhísí poiblí.

Toirmeascann Airteagal 21 den Chairt um Chearta Bunúsacha aon idirdhealú ar fhorais bunaidh eitnigh agus cine. Ar an gcuma chéanna, toirmeascann Airteagal 3 den Treoir maidir le Comhionannas Ciníocha (2000/43/CE) aon idirdhealú mar gheall ar bhunadh eitneach nó cine chomh fada is a bhaineann le rochtain ar oideachas; fostaíocht; seirbhísí, lena n-áirítear tithíocht; agus cosaint shóisialta, lena n-áirítear cúram sláinte. Léirítear i dtuarascálacha ón gCoimisiún Eorpach agus ó chomhlachtaí faireacháin idirnáisiúnta um chearta an duine gur gá do Bhallstáit níos mó iarrachta a dhéanamh chun forálacha na treorach a chur chun feidhme i gceart. Tá idirdhealú á dhéanamh i gcónaí ar bhaill de ghrúpaí eitneacha mionlaigh, lena n-áirítear iad siúd ar imircigh iad, ar fud an AE i ngach réimse den saol, mar a léiríonn torthaí taighde FRA agus torthaí taighde eile – go minic nuair a bhíonn siad ag lorg fostaíochta agus tithíochta.



## TUAIRIM FRA 3.3


Ba cheart do Bhallstáit AE treoir shonrach, phraiticiúil agus réidh le húsáid a fhorbairt chun a áirithiú nach ndéanfaidh póilíní próifíliú eitneach idirdhealaitheach le linn dóibh a ndualgais a fheidhmiú. Ba cheart d'údaráis forfheidhmithe dlí treoir den sórt sin a eisiúint agus a chur san áireamh i ngnáthnósanna imeachta oibríochta na bpóilíní, agus i gcóid iompair do phóilíní. Ba cheart do na Ballstáit treoir den sórt sin a chur in iúl go córasach d'oifigigh túslíne um fhorfheidhmiú an dlí.

Léiríonn taighde a rinneadh i roinnt Ballstát go bhfuil teagmhais idirdhealaitheacha maidir le próifíliú eitneach á dhéanamh ag póilíní fós. Is féidir le próifíliú den sórt sin an bonn a bhaint d'iontaoibh i bhforfheidhmiú an dlí. Chomh maith leis sin, tagann sé salach ar phrionsabail an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe Chiníoch a Dhíothú (ICERD) agus ar chaighdeáin idirnáisiúnta eile, lena n-áirítear na caighdeáin atá cuimsithe in ECHR agus dlí-eolaíocht ghaolmhar an ECtHR, chomh maith le Cairt um Chearta Bunúsacha an AE agus an Treoir maidir le Comhionannas Ciníocha.



# 4

# COMHIONANNAS AGUS CUIMSIÚ NA ROMACH



**Sa bhliain 2019 bhí 10 mbliana caite ó ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh le Conclúidí maidir le cuimsiú na Romach, a ullmhaíodh ag an gcéad chruinniú d'Ardán AE um Chuimsiú na Romach. Bhí 10 mbunphrionsabal choiteanna maidir le cuimsiú na Romach sa doiciméad. I bPrionsabal 4, iarrtar ar gach beartas um chuimsiú na Romach "na Romaigh a áireamh i bpríomhshruth na sochaí (institiúidí príomhshrutha oideachais, poist phríomhshrutha, agus tithíocht phríomhshrutha)" agus "oideachas nó tithíocht páirt-leithscartha nó lán-leithscartha" a shárú, sa chás go bhfuil a leithéid fós i gceist. Ach is cosúil gur beag athrú follasach a tharla mar thoradh ar iarrachtaí 10 mbliana ar leibhéal AE, idirnáisiúnta, náisiúnta agus áitiúil, mar a léiríodh i suirbhéanna agus i dtuarascálacha FRA agus i *dTuarascáil 2019 ón gCoimisiún Eorpach maidir le cur chun feidhme straitéisí náisiúnta maidir le lánpháirtiú na Romach*. Tá saol leithscartha á chaitheamh ag go leor Romach fós. Tá doicheall ar chomharsana nach comharsana Romacha iad rompu agus tá mímhuinín acu as an bpolaitíocht áitiúil agus náisiúnta nach ndéanann bearta éifeachtacha chun dul i ngleic leis an bhfrithghiofógachas.**

I *Guidance for Member States on the use of European Structural and Investment Funds in tackling educational and spatial segregation* (dTreoir an Choimisiúin Eorpaigh do na Ballstáit maidir le Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa a úsáid chun dul i ngleic le leithscaradh oideachasúil agus spáis), ceanglaítear gur cheart prionsabal an dídheighilte a mheas mar an chéad rogha i ngach oibríocht tithíochta agus oideachais. Cuirtear in iúl go sainráite sa nóta gur cheart nach mbeadh saoráidí nua oideachais á dtógáil i gcomharsanachtaí atá scartha óna chéile ó thaobh spáis de.

Is beag fianaise atá ann go bhfuil dul chun cinn déanta maidir le dul i ngleic leis an leithscaradh oideachais ó rinneadh suirbhé deireanach FRA in 2016. Leantar le mic léinn Romacha a bheith á gcur i ranganna ar leith nó i scoileanna ar leith, agus i roinnt cásanna tá scoileanna speisialta scartha óna chéile, in ainneoin go bhfuil foirne uirlisí, treoracha agus lámhleabhair ann maidir le dídheighilt oideachasúil a chuir saineolaithe agus eagraíochtaí sochaí sibhialta i dtoll a chéile.

## TUAIRIM FRA 4.1

Ba cheart do Bhallstáit AE a n-iarrachtaí a neartú chun deireadh a chur le leithscaradh scoile, mar a cheanglaítear leis an Treoir maidir le Comhionannas Ciníocha, chun idirdhealú bunaithe ar bhunadh ciníoch nó eitneach a chosc agus chun frithghiofógachas a chomhrac. Agus é sin á dhéanamh acu, d'fhéadfadh na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar mhodhanna difriúla a úsáid. Mar shampla, d'fhéadfaidís athbhreithniú a dhéanamh ar na réimsí atá clúdaithe ag ceantair scoile agus daltaí Romacha a iompar chun nach mbeidh siad comhchruinnithe i scoileanna áirithe, agus, ag an am céanna, an tacaíocht riachtanach a chur ar fáil do mhic léinn Romacha chun feabhas a chur ar a bhfeidhmíocht oideachais agus chun a lánpháirtiú i ranganna príomhshrutha a chur chun cinn.



## TUAIRIM FRA 4.2

Ba cheart do Bhallstáit AE na comhpháirteanna tithíochta dá straitéisí náisiúnta um lánpháirtiú na Romach nó dá dtacair chomhtháite de bhearta beartais a neartú, chun a áirithiú go mbeidh na Romaigh uile ina gcónaí i dtithíocht neamh-leithscartha ar chaighdeán leordhóthanach. Maidir leis sin, d'fhéadfadh na Ballstáit a machnamh a dhéanamh ar a gcláir náisiúnta um athchóiriú a oiriúnú sa Seimeastar Eorpach chun bearta a chur san áireamh chun aghaidh a thabhairt ar dhiandíothacht tithíochta i measc na Romach. Ina theannta sin, ba cheart do Bhallstáit AE a áirithiú go mbaineann siad úsáid éifeachtach as Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa chun dul i ngleic le leithscaradh tithíochta agus chun rochtain ar thithíocht leormhaith a fheabhsú.

Aithnítear agus urramaítear go sonrach in Airteagal 34 den Chairt an ceart chun cúnaimh shóisialta agus tithíochta chun a áirithiú go mbeidh caighdeán maith maireachtála ann dóibh siúd go léir nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu, i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos le dlí an AE agus leis an dlí náisiúnta chun an t-eisiamh sóisialta agus an bhochtaineacht a chomhrac. Thairis sin, le hionstraimí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine, amhail an Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha agus Cairt Shóisialta na hEorpa (Athbhreithnithe), ceanglaítear ar stáit tithíocht ar chaighdeán leordhóthanach a áirithiú do gach duine.

In ainneoin sin, tá go leor Romach fós ag maireachtáil i suíomhanna leithscartha, go minic i ndálaí uafásacha. Nuair a chónaíonn na Romaigh i dtithe nó i mbotháin gan cead tógála, leanann roinnt rialtas áitiúil orthu á ndíbirt gan na cosaintí faoin dlí idirnáisiúnta um chearta an duine a urramú, agus fágtar gan dídean iad.

Sáraíonn leithscaradh ar fhorais bunaidh eitnigh Airteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh maidir le neamh-idirdhealú, chomh maith le hAirteagal 3 maidir le comhdheiseanna agus Airteagal 19 maidir le tithíocht do Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

## TUAIRIM FRA 4.3

Ba cheart do Bhallstáit AE feabhas a chur ar a gcuid modheolaíochtaí agus uirlisí bailithe sonraí a úsáidtear chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le cuimsiú na Romach d'fhonn a bheith in ann sonraí comhionannais a bhailiú sna príomhréimsí téamacha a chumhdaítear leis an Moladh ón gComhairle in 2013 maidir le bearta éifeachtacha chun Romaigh a lánpháirtiú sna Ballstáit. Leis na sonraí sin, ba cheart go mbeifí in ann faireachán éifeachtach a dhéanamh ar iarrachtaí dídheighilte ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal áitiúil i gcomhréir go hiomlán leis na rialacháin maidir le cosaint sonraí pearsanta.

Ba cheart go mbeadh bearta a théann i ngleic le leithscaradh bunaithe ar shonraí atá imdhealaithe de réir bunaidh eitnigh. Tá sonraí den sórt sin in easnamh i bhformhór Bhallstáit AE faoi láthair. Tá drogall ar roinnt Ballstát sonraí atá imdhealaithe de réir bunaidh eitnigh a bhailiú nó a admháil. Beidh sonraí den sórt sin riachtanach chun faireachán a dhéanamh ar na coinníollacha cumasúchain atá beartaithe is infheidhme maidir le CFRE, CSE+ agus an Ciste Comhtháthaithe. Ceanglaíonn ceann de na critéir chomhlíonta do choinníoll cumasúcháin 4, "Eoraip níos sóisialta trí Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme", go sonrach go n-áirítear sna Straitéisí Náisiúnta maidir le Lánpháirtiú na Romach bearta chun leithscaradh a chosc agus deireadh a chur leis.



# 5

# TEARMANN, VÍOSAÍ, IMIRCE, TEORAINNEACHA AGUS LÁNPHÁIRTIÚ

**Bhí urraim do chearta bunúsacha ag teorainneacha fós ar cheann de na príomhdhúshláin i ndáil le cearta an duine san AE. Maraíodh daoine ar muir, rinneadh bagairtí i gcoinne bád tarrthála daonnúil, agus líomhaintí maidir le foréigean agus brú siar neamhfhoirmiúil. I ndáil le líon beag Ballstát, lean iarrthóirí tearmainn ar aghaidh ag déileáil le plódú agus easpa dídine. Sa chéad timthriall 5 bliana de mheastóireachtaí Schengen, aimsíodh bearnaí sna cearta bunúsacha i mbeartais um fhilleadh, ach níor aimsíodh an líon céanna bearnaí i mbainistiú teorainneacha. Ghlac an tAontas reachtaíocht lena soláthraítear an bunús dlí chun córais teicneolaíochta faisnéise ar mhórscála a dhéanamh idir-inoibritheach. Soláthraíonn na hionstraimí a rialaíonn na córais seo coimircí, ach braitheann a n-éifeachtacht ar an gcaoi a gcuirtear chun feidhme iad. Idir an dá linn, tugadh méadú faoi deara i gcoinneáil inimirceach leanaí. Bhí leanaí neamhthionlactha a mbíonn 18 mbliana d'aois slánaithe acu fós ag déileáil le bearnaí i gcearta agus seirbhísí, rud a bhain an bonn óna gcuimsiú sóisialta.**

Tá urraim do chearta bunúsacha ag teorainneacha fós ar cheann de na príomhdhúshláin san AE. In 2019, lean líomhaintí foréigin agus brú siar neamhfhoirmiúil ar aghaidh. Idir an dá linn, fuair daoine bás ar muir agus iad ag iarraidh an AE a bhaint amach, agus bhí báid tarrthála daonnúla fós ag déileáil le bagairtí. Cuireadh sábháilteacht agus sláine fhisiciúil na n-imirceach agus na ndídeanaithe a tarrtháladh ar muir i mbaol mar gheall ar mhoilleanna ar dhíbhordáil. Le cumhachtaí feabhsaithe AE ag teorainneacha, tugtar níos mó freagrachta maidir le cearta bunúsacha. Chuir reachtas AE uirlisí inmheánacha éagsúla ar fáil do Frontex chun cearta bunúsacha a chosaint.

## TUAIRIM FRA 5.1

Ba cheart do Bhallstáit AE a mbearta coisctheacha a threisiú i gcoinne aon mhí-iompar maslach a bheadh á dhéanamh ag údaráis forfheidhmithe dlí. Chomh maith leis sin, ba cheart dóibh imscrúdú éifeachtach a dhéanamh ar gach líomhain inchreidte refoulement agus foréigin maidir le húdaráis forfheidhmithe dlí ag na teorainneacha, go háirithe na líomhaintí sin a dhéanann comhlachtaí náisiúnta reachtúla um chearta an duine. Ba cheart dóibh comhoibriú le heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha agus le tríú tíortha chun díbhordáil shábháilte, thapa agus intuartha a áirithiú d'imircigh agus do dhídeanaithe a tarrtháladh ar muir, ar bhealach a chomhlíonann prionsabal an *non-refoulement*. Ba cheart don Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta cur chun feidhme éifeachtach na bhforálacha uile maidir le cearta bunúsacha a áirítear ina rialachán nua a áirithiú.



## TUAIRIM FRA 5.2

Chun ceart an linbh ar chosaint agus ar chúram faoin dlí idirnáisiúnta agus faoi dhlí an AE a chur chun cinn, ba cheart don AE agus do na Ballstáit córais inchreidte agus éifeachtacha a fhorbairt a chiallódh nach mbeadh sé riachtanach leanaí a choinneáil chun críocha tearmainn nó fillte. Is amhlaidh an cás beag beann ar cé acu san Aontas ina n-aonar nó in éineacht lena dteaghlaigh atá na leanaí.

Cé nach dtoirmeasctar le dlí AE, coinneáil riaracháin leanaí i gcomhthéacs imirce, tá ceanglais dhochta ann a eascraíonn as an gCairt agus as cásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine (ECtHR). Ní fhéadfar an tsaoirse a bhaint de leanbh atá ag déanamh iarratais ar thearmann nó atá páirteach i nósanna imeachta um fhilleadh ach amháin mar bheart eisceachtúil atá ina rogha dheiridh. I gcleachtas, áfach, is minic nach beart eisceachtúil é coinneáil inimirceach leanaí san AE.

## TUAIRIM FRA 5.3

I meastóireachtaí Schengen, ba cheart don Choimisiún Eorpach níos mó béime a leagan ar choimircí na gceart bunúsach a áirítear i gCód Teorainneacha Schengen, lena n-áirítear cloí le prionsabal an *non-refoulement*.

Feidhmíonn sásra meastóireachta agus faireacháin Schengen chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme *acquis* Schengen, comhlacht dlí an AE achtaithe chun an easpa rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a chúiteamh. Sa chéad timthriall 5 bliana de mheastóireachtaí Schengen, sainaithníodh bearnaí i gcosaint na gceart bunúsach i mbeartais um fhilleadh, ach níor aimsíodh an líon céanna bearnaí i mbainistiú teorainneacha.

## TUAIRIM FRA 5.4

Ba cheart don Choimisiún Eorpach úsáid iomlán a bhaint as saineolas na gcomhlachtaí agus na ngníomhaireachtaí speisialaithe um chearta an duine ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais nuair atá córais mhórscála TF á gcur i bhfeidhm agus nuair atá measúnú á dhéanamh acu ar a dtionchar ar chearta bunúsacha.

Ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit forálacha láidre maidir le cearta bunúsacha a fhorbairt i ngach sonraíocht theicniúil d'oibriú na gcóras mórscála TF agus dá n-idir-inoibritheacht, go háirithe maidir le cosaint sonraí agus ceanglais neamh-idirdhealaithe. Déanfar é sin chun a áirithiú go dtabharfaidh an tionscal a sholáthraíonn na córais sin aird chuí ar an ngá atá ann na forálacha dlí idirnáisiúnta agus AE ábhartha a chomhlíonadh. D'fhéadfaí a áireamh ar na bearta a d'fhéadfaí a dhéanamh ceanglas ceangailteach go mbeadh saineolaithe ar chosaint sonraí agus speisialtóirí ar chearta an duine páirteach sna foirne a bhíonn ag obair ar fhorbairt na teicneolaíochta, d'fhonn a áirithiú go bhfuil cearta bunúsacha á gcomhlíonadh.

I réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais, bhunaigh an AE trí chinn de chórais mhórscála TF agus ghlac sé reachtaíocht chun trí chinn eile a bhunú. Cabhraíonn córais TF den sórt sin le himirce, tearmann, teorainneacha agus comhar póilíneachta a bhainistiú agus, i ndeireadh na dála, cabhraíonn siad leis an tslándáil inmheánach a neartú. Rinne an AE a chórais mhórscála TF idir-inoibritheach, agus cuireadh coimircí ábhartha maidir le cearta bunúsacha san áireamh. Mar sin féin, ní mór do na córais na coimircí sin a chur i bhfeidhm mar chuid dá gcleachtas. Faoi na Rialacháin Idir-inoibritheachta, ní mór don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar thionchar na hidir-inoibritheachta ar chearta bunúsacha agus ar an gceart chun neamh-idirdhealaithe.



## TUAIRIM FRA 5.5

Sa Phlean nua Gníomhaíochta maidir le Lánpháirtiú agus Cuimsiú atá beartaithe le haghaidh 2020, ba cheart don Choimisiún Eorpach béim a leagan ar an ngá atá le leanúint le tacú le leanaí neamhthionlactha nuair atá aois an duine fásta slánaithe acu. Chomh maith leis sin, ba cheart dó Ballstáit AE a spreagadh chun úsáid iomlán a bhaint as na féidearthachtaí a chuirtear ar fáil faoin dlí náisiúnta.

Bíonn leanaí neamhthionlactha a mbíonn 18 mbliana d'aois slánaithe acu, fós ag déileáil le bearnaí maidir le cearta agus seirbhísí. Baineann sé seo an bonn dá n-iarrachtaí cuimsiú sóisialta a bhaint amach. Tá socruithe bunaithe ag go leor Ballstát AE chun tacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil do dhaoine mar sin fiú nuair a bhíonn siad 18 mbliana d'aois. Go praiticiúil, áfach, ní bhaineann mórán leanaí tairbhe as a leithéid sin de thacaíocht.



# 6

# AN tSOCHAÍ FAISNÉISE, PRÍOBHÁIDEACHT AGUS COSAINT SONRAÍ

**Ba é 2019 an chéad bhliain iomlán ina raibh an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) i bhfeidhm. Ó tharla sainordú athnuaite agus leathnaithe a bheith acu, ba iad na húdaráis mhaoirseachta um chosaint sonraí a bhí i gceannas ar an bpróiseas forfheidhmithe ar fud an AE. Tá ualach mór oibre os a gcomhair, ualach oibre atá ag méadú go seasta. Ba chomhghuaillithe láidre iad na heagraíochtaí sochaí sibhialta speisialaithe i gcur chun feidhme RGCS. Ag an am céanna, mar gheall ar an méadú leanúnach atá ag teacht ar úsáid teicneolaíochtaí nua, amhail intleacht shaorga agus aghaidh-aithint, baineann dúshláin fós le cearta bunúsacha, lena n-áirítear príobháideacht agus cosaint sonraí. Mar a tharla i mblianta roimhe seo, chuir mí-úsáid sonraí pearsanta agus teicneolaíochtaí nua cearta bunúsacha agus próisis dhaonlathacha araon i mbaol. Bhain dúshláin fós le hábhar agus bréagaisnéis neamhdhleathach ar líne, rud a spreag páirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta athmhachnamh a dhéanamh ar bhealaí dlíthiúla agus teicniúla chun dul i ngleic leo go héifeachtach.**

Ó tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí i bhfeidhm, bhí ualach oibre na n-údarás maoirseachta um chosaint sonraí ar scála nach bhfacthas riamh roimhe sin. Tá líon na n-imscrúduithe agus na ngearán méadaithe faoi dhó i bhformhór na mBallstát AE. I gcásanna áirithe, tá méadú faoi thrí tagtha ar an teagmháil a dhéantar le heintitis phoiblí agus phríobháideacha a phróiseálann sonraí pearsanta. Ag an am céanna, b'éigean do na húdaráis mhaoirseachta gníomhaíochtaí múscailte feasachta agus oiliúna a eagrú, agus na ceanglais cosanta sonraí a mhíniú do dhaoine aonair agus do ghairmithe cosanta sonraí araon.

Tháinig méadú ar na hacmhainní airgeadais agus daonna in 2019 i gcás roinnt údarás maoirseachta um chosaint sonraí, ach chuir roinnt de na maoirseoirí sin in iúl nach leor iad fós chun déileáil leis an ualach oibre. D'fhéadfadh sé sin a bheith mar bhonn le cumas na n-údarás a sainordú a chomhlíonadh a bheith á chur i mbaol.

## TUAIRIM FRA 6.1

Ba cheart do Bhallstáit AE a áirithiú go bhfaigheann na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta um chosaint sonraí dóthain acmhainní chun cur ar a gcumas a gcuid sainorduithe a chur i gcrích go héifeachtach. Ba cheart do Bhallstáit AE tacú le hathbhreithnithe neamhspleácha agus oibiachtúla ar ualach oibre na n-údarás maoirseachta náisiúnta um chosaint sonraí chun measúnú a dhéanamh ar cibé an gceadaíonn nó nach gceadaíonn buiséid agus acmhainní daonna reatha dóibh déileáil lena sainorduithe agus lena gcúraimí.



## TUAIRIM FRA 6.2

Ba cheart do Bhallstáit AE maoiniú leordhóthanach a áirithiú d'eagraíochtaí cáilithe sochaí sibhialta mar phríomhpháirtithe leasmhara i gcur i bhfeidhm agus i bhforfheidhmiú na rialacha maidir le cosaint sonraí. Moltar go láidir do Bhallstáit AE leas a bhaint as an gclásal tosaigh in Airteagal 80 (2) de RGCS sna dlíthe náisiúnta, lena gceadófar d'eagraíochtaí cáilithe sochaí sibhialta gearáin a thaisceadh maidir le sáruithe ar chosaint sonraí go neamhspleách ar shainordú an duine is ábhar do na sonraí.

Tá saineolas dlíthiúil agus teicniúil eagraíochtaí cáilithe sochaí sibhialta riachtanach chun na cearta chun cosanta sonraí agus chun príobháideachta a chur i bhfeidhm. Is céim mhór chun tosaigh é an ceart – arna bhunú le hAirteagal 80 (1) de RGCS – do na daoine is ábhar do na sonraí sainordú a thabhairt do chomhlacht, d'eagraíocht nó do chomhlachas neamhbhrabúsach ionadaíocht a dhéanamh orthu. Mar sin féin, is beag Ballstát a bhain úsáid as Airteagal 80 (2), lena gceadaítear do na Ballstáit cead a thabhairt do na comhlachtaí sin imeachtaí dlíthiúla a thionscnamh gan sainordú ó dhaoine is ábhar do na sonraí.

Dála údarás maoirseachta, tá méadú suntasach tagtha ar ualach oibre na n-eagraíochtaí sochaí sibhialta maidir le himscrúduithe agus gearáin ó tháinig RGCS i bhfeidhm. Tá dúshláin bhreise os a gcomhair, áfach, toisc go bhfuil a gcuid acmhainní gann. Ina theannta sin, is deacair fianaise a fháil ar sháruithe a d'fhéadfadh a bheith ann ar chearta bunúsacha, i bhfianaise na castachta teicniúla atá i gceist.

## TUAIRIM FRA 6.3

Ba cheart don AE agus do reachtóirí náisiúnta a áirithiú go dtabharfar aghaidh ar agus go gcuirfear measúnuithe tionchair trédhearcach agus críochnúil ceart bunúsach chun cinn i gcreataí rialála agus obair ullmhúcháin reachtach amach anseo nuair atá teicneolaíochtaí AI in úsáid. D'fhonn cur leis an méid seo, tá sé ríthábhachtach maoirseacht a dhéanamh ar chomhlachtaí maoirseachta neamhspleácha chun cuntasacht, iontaofacht agus cothroime a ráthú.

Tá rás ar bun chun uirlisí Intleachta Saorga (AI) a chruthú agus a fhorbairt, agus tá iarracht á déanamh ag an AE an próiseas seo a threorú. Tá dúshláin mhóra roimh roinnt Ballstát AE a úsáideann AI in earnálacha slándála agus socheacnamaíocha chun an teicneolaíocht a dhéanamh trédhearcach. Ainneoin iarrachtaí leanúnacha a bheith á ndéanamh feasacht maidir le húsáid eiticiúil AI a mhúscailt, tá muintir na hEorpa fós aineolach ar na himpleachtaí a bheidh ag AI ar chearta bunúsacha, cosúil leis an gceart chun príobháideachta nó chun neamh-idirdhealaithe, agus conas go díreach atá an teicneolaíocht AI in úsáid. Mar shampla, baineann dúshlán le fianaise a sholáthar gur tharla idirdhealú nuair a úsáideann cinnteoireacht uathoibrithe algartaim chasta. Thairis sin, d'fhéadfadh eisiamh sóisialta eascairt as próifíliú trí uathphróiseáil sonraí, agus measann na Ballstáit gur riosca suntasach sochaíoch é sin. Tá roinnt cásanna breithiúnacha á bhforbairt cheana féin agus táthar ag moladh athruithe a dhéanamh ar an bpróiseas ceaptha beartas agus reachtach. Níl bonn láidir faoin mbealach ba cheart cearta bunúsacha a chosaint agus faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh sula dtarlaíonn sáruithe dáiríre.

Cúig bliana tar éis do Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) an Treoir maidir le Sonraí a Choimeád (2006/24/CE) a neamhbhailiú, is beag dul chun cinn atá déanta ar leibhéal AE agus ar leibhéal na mBallstát chomh fada is a bhaineann le rialacha reatha a chur in oiriúint do na ceanglais a leagtar amach i ndlí-eolaíocht CBAE. Díríonn formhór na n-iarrachtaí a dhéanann na Ballstáit ar na ceanglais atá ar údaráis forfheidhmithe dlí rochtain dhleathach a bheith acu ar na sonraí a choimeádann soláthraithe seirbhíse. Mar sin féin, cé is moite de roinnt eisceachtaí, tá scéim ghinearálta maidir le coimeád sonraí ag formhór na mBallstát a chlúdaíonn gach rannpháirtí agus úsáideoir cláraithe, gach modh cumarsáide leictreonaí agus na sonraí tráchta ar fad, agus lena bhforáiltear nach ndéanfar aon difreáil, teorannú ná eisceacht ag brath ar an gcuspóir. Tá cúirteanna náisiúnta ag lorg soiléiriú breise ó CBAE maidir leis na critéir a leagadh síos i gcásanna roimhe seo, agus tá roinnt réamhrialuithe ina leith sin ar feitheamh.

## TUAIRIM FRA 6.4

Ba cheart do Bhallstáit AE athbhreithniú a dhéanamh ar rialacha náisiúnta maidir le sonraí a bheith á gcoimeád ag soláthraithe seirbhíse chun iad a ailíniú le ceanglais chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

7

# CEARTA AN LINBH



**Tríocha bliain tar éis glacadh le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, tugadh forbairtí nua beartais faoi deara ar leibhéal an AE in 2019. Gheall an Coimisiún Eorpach nua go nglacfadh sé straitéis chuimsitheach nua maidir le cearta an linbh. Áirítear i measc na dtosaíochtaí Ráthaíocht an Aontais Eorpaigh i dtaobh Leanaí a bhunú. Baineann tábhacht leis seo, mar ainneoin gur tugadh feabhas beag faoi deara, tá beagnach leanbh amháin as gach ceathrar leanaí san Eoraip i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta. Is iad leanaí ag a bhfuil cúlra imirceach nó leanaí ag a bhfuil tuismitheoirí nach bhfuil an leibhéal oideachais is airde acu is mó atá i mbaol. Faoi mhí Mheithimh 2019, b'éigean do Bhallstáit an Treoir maidir le Coimircí Nóis Imeachta do leanaí a bhfuil amhras fúthu nó ar cosantóirí iad i nósanna imeachta coiriúla a ionchorprú sa dlí náisiúnta. Mar sin féin, bhí roinnt Ballstát fós i mbun a ndlíthe náisiúnta a leasú i rith na bliana. Thionscain an Coimisiún Eorpach nósanna imeachta um shárú cheal fógra a thabhairt i gcoinne seacht mBallstát. Is é 2020 an spriocdháta chun Treoir na Seirbhísí Meán Closamhairc, a bhfuil sé mar aidhm léi an tsábháilteacht ar líne a neartú, a áireamh sa dlí náisiúnta. Is beag dul chun cinn a rinneadh maidir leis seo. Idir an dá linn, cé go raibh méadú ag teacht ar mhí-úsáid ghnéasach ar líne, b'éigean don Choimisiún Eorpach nósanna imeachta maidir le sárú a thionscnamh in aghaidh 23 Ballstát toisc nár cuireadh an Treoir maidir le Mí-úsáid Ghnéasach chun feidhme.**

Tá beagnach leanbh amháin as gach ceathrar leanaí san AE i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta. Is cúis imní é sin faoi Airteagal 24 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lena bhforáiltear "Beidh ag leanaí an ceart chun cibé cosaint agus cúram is gá ar mhaithe lena ndea-bhail", agus faoi Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena leagtar síos ceart leanaí chun cosaint a fháil ar an mbochtaineacht. In 2019, léirigh Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach tiomantas láidir polaitiúil chun bochtaineacht leanaí a chomhrac agus Ráthaíocht AE i dtaobh Leanaí a bhunú. Chun go mbeidh an ráthaíocht ann, ní mór leanúint leis an tiomantas láidir polaitiúil seo ó institiúidí uile an Aontais, lena n-áirítear Comhairle an Aontais Eorpaigh, agus na Ballstáit.

Táthar ag súil go n-áiritheofar leis an Ráthaíocht AE i dtaobh Leanaí go mbeidh teacht ag gach leanbh atá ag maireachtáil i mbochtaineacht, go háirithe iad siúd atá i gcásanna leochaileacha, ar chothú leordhóthanach, ar thithíocht chuibhiúil, agus ar chúram sláinte saor in aisce, ar oideachas agus ar oideachas agus ar chúram na luath-óige. Chabhródh an méid sin le gealltanais dhlíthiúla an AE agus na mBallstát a chomhlíonadh i réimse chearta an linbh. Chabhródh sé freisin le mórghealltanas beartais Chlár Oibre 2030 don fhorbairt inbhuanaithe a chur chun feidhme ionas nach bhfágfaí aon duine ar chúl.

Tá béim leagtha ag Parlaimint na hEorpa ar an tábhacht a bhaineann le maoiniú leordhóthanach ar leibhéal AE agus ar leibhéal náisiúnta araon chun tacú le Ráthaíocht i dtaobh Leanaí a bheidh ann amach anseo. Tá sé beartaithe ag na Ballstáit EUR 5.9 billiún ar a laghad de Chiste Sóisialta na hEorpa Plus a leithdháileadh don chlárthréimhse 2021–2027 chun tacú leis an Ráthaíocht i dtaobh Leanaí.

## TUAIRIM FRA 7.1

Ba cheart do reachtas an Aontais a áirithiú go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag Ráthaíocht an Aontais Eorpaigh i dtaobh Leanaí amach anseo trí chistí an Aontais agus gur tosaíocht shonrach infheistíochta a bheidh ann do chlárthréimhse 2021-2027. Ba cheart d'institiúidí an Aontais breithniú a dhéanamh ar mholadh a ghlacadh maidir le Ráthaíocht an Aontais i dtaobh Leanaí chun an treoir is gá a chur ar fáil dá chur chun feidhme éifeachtach. Ba cheart go n-áireofaí ann treochlár agus bearta nithiúla beartais agus tagairt do ghealltanais dhlíthiúla agus bheartais. Ba cheart don Seimeastar Eorpach athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha rialta ar dhul chun cinn i ndáil leis an moladh sin agus faisnéis ábhartha a chur isteach ina mholtaí tírshonracha, go háirithe ós rud é go n-úsáidfear cistí AE chun tacú le cur chun feidhme.

## TUAIRIM FRA 7.2

Ba cheart do Bhallstáit AE an Treoir maidir le Coimircí Nóis Imeachta a thrasuí chun cur i bhfeidhm éifeachtach coimircí nóis imeachta a áirithiú do leanaí a bhfuil amhras fúthu nó ar cosantóirí iad in imeachtaí coiriúla. Ba cheart dóibh cur chun feidhme na Treorach a éascú trí chúnamh a thabhairt do dhlíodóirí atá páirteach in imeachtaí coiriúla trí threoir agus oiliúint ghairmiúil. D'fhéadfadh an Coimisiún Eorpach tuilleadh tacaíochta a thabhairt do Bhallstáit AE – mar shampla, trí threoir bhreise reachtach a chur ar fáil agus trí mhalartú taithí phraiticiúil a éascú i measc na mBallstát. Ba cheart do Bhallstáit AE agus don Choimisiún Eorpach measúnú agus breithniú a dhéanamh ar thaithí agus ar pheirspictíochtaí na leanaí féin, maidir lena éifeachtaí a chuirtear na coimircí nóis imeachta sin i bhfeidhm.

B'éigean do Bhallstáit AE an Treoir maidir le Coimircí Nóis Imeachta (2016/800/AE) a ionchorprú sa dlí náisiúnta faoin 11 Meitheamh 2019. Leis an treoir, ráthaítear coimircí nóis imeachta do leanaí a bhfuil amhras fúthu nó ar cosantóirí iad in imeachtaí coiriúla. Áirítear ann an ceart chun cosanta agus toimhde na neamhchiontachta, mar atá bunaithe in Airteagal 48 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus leas an linbh mar phríomhchomaoin, mar atá bunaithe in Airteagal 24 den Chairt. Iarrtar sa bhrollach go ndéanfaí breithniú ar Threoirlínte Chomhairle na hEorpa maidir le ceartas a thacaíonn le leanaí.

Faoin spriocdháta, áfach, ní raibh fógra maidir le hionchorprú iomlán tugtha ach ag 13 Ballstát. Thionscain an Coimisiún Eorpach nósanna imeachta um shárú cheal fógra a thabhairt i gcoinne seacht mBallstát.

## TUAIRIM FRA 7.3

Ba cheart do Bhallstáit AE, i gcomhar le soláthraithe seirbhíse agus gníomhaithe ábhartha sochaí sibhialta, bearta iomchuí a shainaithint agus a fhorbairt chun faisnéis shoiléir a chur ar fáil maidir le hiarratas RGCS maidir le leanaí chun cothromaíocht a bhaint amach idir an dualgas leanaí a chosaint agus an gá atá ann rochtain ar an idirlíon a thabhairt do leanaí. Chun cosaint leanaí a áirithiú, ba cheart don Choimisiún Eorpach comhaontú a éascú i measc na mBallstát agus soláthraithe seirbhíse maidir le huirlisí caighdeánacha fíorúcháin aoise.

Le hAirteagal 24 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, dearbhaítear go bhfuil sé de cheart ag leanaí go ndéanfaí iad a chosaint agus go dtabharfaí éisteacht dóibh freisin. Bíonn na cearta seo i mbaol sa domhan ar líne go minic.

Sonraítear in RGCS go dtabharfaidh sealbhóir na freagrachta tuismitheora, i gcás leanaí faoi 16 bliana d'aois, toiliú nó údarú a gcuid sonraí pearsanta a phróiseáil i ndáil le seirbhísí na sochaí faisnéise a thairgtear go díreach do leanaí. Mar sin féin, féadfaidh Ballstáit foráil a dhéanamh le haghaidh aois níos ísle i gcomhair toilithe, fad is nach bhfuil sé sin faoi 13 bliana d'aois. Tá teorainneacha aoise éagsúla leagtha síos ag Ballstáit, idir 13 agus 16 bliana d'aois. Thug Grúpa Saineolaithe Il-pháirtithe Leasmhara an Choimisiúin Eorpaigh maidir le cur i bhfeidhm RGCS faoi deara go bhfuil easpa treorach ann maidir le teorainneacha aoise le haghaidh toilithe agus uirlisí fíorúcháin aoise.

## TUAIRIM FRA 7.4

Ba cheart do Bhallstáit AE an próiseas chun an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc a thrasuí a thionscnamh nó leanúint leis an bpróiseas sin. Ba cheart dóibh é sin a dhéanamh i ndlúthchomhairle le soláthraithe seirbhíse agus le gníomhaithe ábhartha sochaí sibhialta. Ba cheart dóibh aird ar leith a dhíriú freisin ar dhul i ngleic le mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne, go háirithe comhroinnt pornagrafaíocht leanaí, mar a cheanglaítear le Airteagal 28b den treoir.

Ba cheart do Bhallstáit AE gach iarracht a dhéanamh an Treoir maidir le Mí-úsáid Ghnéasach a thrasuí i gceart, agus reachtaíocht agus bearta beartais leordhóthanacha a áirithiú. Ba cheart gurb é an aidhm a bheadh ann coireanna mí-úsáide gnéasaí a chosc go rathúil, na híospartaigh a chosaint ar bhealach atá oiriúnach dá n-aois, agus na ciontóirí a ionchúiseamh as aon chineál mí-úsáide gnéasaí a dhéanamh ar an idirlíon.

Is beag dul chun cinn a rinneadh maidir le hionchorprú na Treorach athbhreithnithe maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc (Treoir (AE) 2018/1808) sa dlí náisiúnta, rud a bhí le déanamh faoi Mheán Fómhair 2020. Leis an treoir, rialaítear rochtain leanaí ar na meáin chlosamhairc uile, lena n-áirítear, mar shampla, ardáin chomhroinnte físeán cosúil le YouTube nó Instagram. Ina theannta sin, ceanglaíonn an Treoir ar Bhallstáit bearta iomchuí a ghlacadh in aghaidh pornagrafaíocht leanaí.

Idir an dá linn, tá méadú ag teacht ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne. In 2019, chuir an Coimisiún Eorpach tús le nósanna imeachta maidir le sárú in aghaidh 23 Ballstát AE toisc nár chuir siad an Treoir maidir le Mí-úsáid Ghnéasach (2011/93/AE) i bhfeidhm.

8

# ROCHTAIN AR CHEARTAS

**In 2019 rinne institiúidí AE iarracht rochtain íospartach ar chúiteamh agus ar cheartas a fheabhsú. Lorg Comhairle an Aontais Eorpaigh straitéis nua maidir le cearta íospartach. Aithnítear leis seo go bhfuil bearnaí fós i gcosaint na n-íospartach agus tugtar le fios go bhfuil na Ballstáit tiomanta do chearta na n-íospartach a fhorfheidhmiú. D'iarr an Chomhairle ar FRA agus ar ghníomhaireachtaí eile de chuid an AE tacú leis na Ballstáit san iarracht seo. Lean roinnt Ballstát ag cur i gcoinne Choinbhinsiún Iostanbúl in 2019. Spreag sé seo freagra láidir ó Pharlaimint na hEorpa. D'iarr Parlaimint na hEorpa ar Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh déileáil le roinnt gnéithe éagsúla den bhunús dlí iomchuí ionas go n-aontóidh an AE leis an gcoinbhinsiún. Idir an dá linn, leanadh le dúshláin maidir le neamhspleáchas na gcúirteanna a thabhairt faoi deara. Leag siad béim ar an ngá atá le hiarrachtaí a chomhordú ar bhealach níos éifeachtaí chun seasamh leis an smacht reachta. D'eisigh an Coimisiún Eorpach treoirphlean le haghaidh gníomhaíochta, ina moltar "timthriall an smachta reachta", mar a thugtar air.**

Ghlac beagnach leath de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh le reachtaíocht nó tháinig reachtaíocht i bhfeidhm chun an Treoir um Chearta Íospartach (2012/29/AE) a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr in 2019. Ní raibh aon fhorbairtí suntasacha ann, áfach, maidir le cearta íospartach páirt a ghlacadh in imeachtaí.

D'éirigh le roinnt Ballstát bearna mhór maidir le cearta íospartach a ráthú a dhúnadh trí sheirbhísí tacaíochta íospartach a chur ar fáil do gach catagóir íospartach coireachta den chéad uair. Rinne Ballstáit eile bearta chun íospartaigh a chosaint le linn imeachtaí agus chun íospairt thánaisteach a chosc.

Ghlac an Chomhairle conclúidí maidir le cearta íospartach ar an 3 Nollaig 2019. Baineann siad seo úsáid, go páirteach, as fianaise ar thuarascálacha 2019 FRA maidir le ceartas d'íospartaigh coireanna foréigneacha. Aithnítear sna conclúidí go bhfuil gá le bearta chun rochtain na n-íospartach ar cheartas agus ar chúiteamh a fheabhsú. Táthar ag lorg chomh maith go ndéanfaidh an Coimisiún Eorpach straitéis AE le haghaidh 2020-2024 a dhréachtú maidir le todhchaí chearta na n-íospartach.

## TUAIRIM FRA 8.1

Spreagtar Ballstáit AE leanúint dá n-iarrachtaí chun cearta íospartach a chur chun feidhme go héifeachtach. Ba cheart dóibh aird ar leith a dhíriú ar bhearta a thabhairt isteach lena áirithiú go mbeidh rochtain ag íospartaigh ar chúiteamh le linn imeachtaí coiriúla agus go bhfaighidh siad cúiteamh leordhóthanach mar íospartaigh coireanna foréigneacha as an damáiste a d'fhulaing siad mar gheall ar an gcion. Ba cheart do Bhallstáit AE dlús a chur lena gcuid iarrachtaí chun a áirithiú go mbeidh ról iomchuí ag íospartaigh in imeachtaí breithiúnacha ábhartha.



## TUAIRIM FRA 8.2

Moltar don AE agus do gach Ballstát AE, mura bhfuil sé déanta acu cheana féin, Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl) a dhaingniú. Spreagann FRA na Ballstáit chun déileáil le bearnaí sa reachtaíocht náisiúnta a bhaineann le cosaint na mban ar íospartaigh foréigin iad.

Dhaingnigh Éire Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl) in 2019, rud a chiallaigh go raibh an coinbhinsiún daingnithe ag 21 Bhallstát den AE faoi dheireadh 2019. Chuir roinnt Ballstát bearta i gcrích chun gach gníomh gnéasach neamh-chomhthoiliúil, mar a leagtar síos in Airteagal 36 de Choinbhinsiún Iostanbúl, a choiriúlú, seachas cionta coiriúla amhail éigniú a theorannú do staideanna lena mbaineann neart nó foréigean fisiciúil.

Rinne an AE iarracht a chinntiú go ndaingneoidh an AE agus na Ballstáit uile an coinbhinsiún, cé gur chuir roinnt Ballstát i gcoinne an choinbhinsiúin ainneoin é a bheith sínithe acu.

## TUAIRIM FRA 8.3

Spreagtar an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a n-iarrachtaí agus a gcomhoibriú chun neamhspleáchas na mbreithiúna a chothabháil agus a neartú, ar dlúthchuid den smacht reachta é. D’fhéadfaí a áireamh sa togra nua maidir le “timthriall an smachta reachta” treoir níos fearr a thabhairt do Bhallstáit an Aontais Eorpaigh aon saincheisteanna a d’fhéadfadh a bheith ann maidir leis an smacht reachta a aithint agus déileáil leo. Ina theannta sin, ba cheart do Bhallstáit AE lena mbaineann gníomhaíocht phras a dhéanamh chun breithiúnais ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh go hiomlán agus gníomhú ar mholtaí cosúil leis na moltaí sin a eisíonn an Coimisiún Eorpach ina nós imeachta maidir leis an smacht reachta.

Is bunchloch den smacht reachta agus den rochtain ar an gceartas é breithiúna neamhspleácha (féach Airteagal 19 de CAE, Airteagal 67 (4) de CFAE agus Airteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh). Tháinig dúshláin chun cinn i réimse an cheartais i roinnt Ballstát, go háirithe maidir le neamhspleáchas na mbreithiúna. Spreag sé sin an Coimisiún Eorpach chun treoirphlean gníomhaíochta a eisiúint chun an smacht reachta a neartú. Moladh ann “timthriall an smachta reachta”. Beidh Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh araon páirteach ann, agus beidh feidhm aige maidir le Ballstáit uile an Aontais, agus díreofar go háirithe ar na tíortha sin ina sainaithnítear rioscaí.



# 9

# FORBAIRTÍ MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME AN CHOINBHINSIÚIN AR CHEARTA DAOINE FAOI MHÍCHUMAS

**Deich mbliana tar éis an Chinnidh ón gComhairle i mí na Samhna 2009, maidir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas (CRPD) a thabhairt chun críche ag an gComhphobal Eorpach, in 2019 rinneadh roinnt forbairtí suntasacha. Beidh siad seo mar bhonn leis an dara 10 mbliana de chur chun feidhme an choinbhinsiúin san Aontas agus ina Bhallstáit. Ceapadh an chéad Choimisinéir Eorpach um Chomhionannas a ainmníodh riamh, atá i gceannas ar chur chun feidhme CRPD. Glacadh an Ionstraim Eorpach Inrochtaineachta, lenar tugadh isteach ceanglais choiteanna inrochtaineachta chun táirgí agus seirbhísí a roghnú. Tháinig Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh ar réamh-chomhaontú maidir le teanga faoi mhíchumas agus inrochtaineacht i ndáil le Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa. Cuireadh tús le meastóireacht ar straitéis um míchumas 2010–2020. Beifear á chur san áireamh i straitéis AE maidir le míchumas a bheidh ann amach anseo. Idir an dá linn, rinne na Ballstáit bearta chun oideachas cuimsitheach agus fostaíocht chomhionann a áirithiú do dhaoine faoi mhíchumas. Rinne roinnt Ballstát gníomh freisin chun timpeallacht thógtha a áirithiú a mbeadh rochtain ag gach duine uirthi. Le hathruithe ar dhlíthe toghcháin náisiúnta, tugadh i bhfad níos mó deiseanna do dhaoine faoi mhíchumas páirt a ghlacadh i dtoghcháin Eorpacha, cé gur bhain fadhb fós leis an inrochtaineacht.**



## TUAIRIM FRA 9.1

Ba cheart do Straitéis um Míchumas an AE don tréimhse i ndiaidh 2020 aghaidh a thabhairt ar na moltaí uile a eascraíonn as breithnithe deiridh Choiste CRPD a glacadh in 2015.

Go sonrach, ba cheart go n-áiritheofaí an méid seo a leanas le Straitéis um Míchumas AE tar éis 2020:

— Déantar forálacha CRPD a phríomhshruthú i ngach réimse ábhartha de dhlí, beartais agus cláir an AE, lena n-áirítear úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí nua;
— go bhfuil daoine faoi mhíchumas, a n-eagraíochtaí ionadaíocha agus eagraíochtaí ábhartha sochaí sibhialta rannpháirteach go hiomchuí i gcur chun feidhme agus faireachán ar an straitéis nua;
— go bhfuil pointí teagmhála míchumais atá comhordaithe i gceart ainmnithe in institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí uile an Aontais Eorpaigh;
— go ndéantar na sonraí ábhartha arna mbailiú ag na Ballstáit a imdhealú ar bhealach a cheadaíonn faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an CRPD.

Bhain an Straitéis Eorpach um Míchumas 2010–2020 formhór a haidhmeanna amach agus tá luach breise le straitéis den sórt sin a bheith ann, ba é sin an tuairim a bhí ag formhór na rannpháirtithe sa mheastóireacht – a rinneadh thar ceann an Choimisiúin. Leag siad béim freisin ar thorthaí nithiúla na straitéise, cosúil leis an Ionstraim Eorpach Inrochtaineachta. Léiríonn sé sin an tábhacht a bhaineann le doiciméad beartais den chineál seo a bheith ann chun gníomhaíocht ar leibhéal AE a threorú.



## TUAIRIM FRA 9.2

Ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar cearta daoine faoi mhíchumas atá cumhdaithe sa CRPD agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a urramú go hiomlán agus Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (ESIF) á n-íoc. Déanfaidh sé sin an leas is fearr is féidir a bhaint as cistí AE chun tacú le maireachtáil neamhspleách. I ndáil leis sin, ba cheart don AE na coinníollacha nua cumasúcháin a ghlacadh lena mbunaítear cur chun feidhme éifeachtach Chairt um Chearta Bunúsacha an AE agus CRPD, mar atá leagtha síos i Rialachán na bhForálacha Coiteanna atá beartaithe ag an gCoimisiún Eorpach le haghaidh Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027. Chun faireachán éifeachtach ar na cistí agus ar a dtorthaí a chumasú, ba cheart don AE agus do na Ballstáit bearta a dhéanamh chun eagraíochtaí daoine faoi mhíchumas agus na comhlachtaí náisiúnta reachtúla um chearta an duine a chur san áireamh i gcoistí a dhéanann faireachán ar ESIF. Trí acmhainní daonna agus maoiniú leordhóthanach a leithdháileadh ar na heagraíochtaí agus ar na comhlachtaí sin, agus trí acmhainní AE a chur ar leataobh chun na críche sin, cuirfear le héifeachtúlacht na gcoinníollacha cumasúcháin atá beartaithe.

Tá ról tábhachtach ag Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (ESIF) i raon leathan réimsí beartais, lena n-áirítear tacú le hiarrachtaí náisiúnta chun maireachtáil neamhspleách a bhaint amach. Áirítear ráthaíochtaí tábhachtacha maidir le cearta bunúsacha sa chomhaontú sealadach idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle maidir leis na rialacháin atá beartaithe don tréimhse chistiúcháin 2021–2027, go háirithe maidir leis na coinníollacha cumasúcháin atá beartaithe agus ról níos láidre do na coistí faireacháin. D'fhéadfadh go mbeadh ról tábhachtach ag an tsochaí shibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí daoine faoi mhíchumas agus comhlachtaí náisiúnta um chearta an duine, i bhfaireachán éifeachtach a dhéanamh ar úsáid na gcistí.



## TUAIRIM FRA 9.3

Ballstáit AE nach bhfuil ina bpáirtí fós sa Phrótacal Roghnach a ghabhann le CRPD, ba cheart dóibh breithniú a dhéanamh ar na bearta is gá a thabhairt chun críche chun a dhaingniú a áirithiú ar mhaithe le daingniú iomlán agus ar fud an AE an Phrótacail Roghnaigh a áirithiú. Ina theannta sin, ba cheart don AE machnamh a dhéanamh ar chéimeanna a dhéanamh go tapa chun an Prótacal Roghnach a aontú.

Níl an Prótacal Roghnach a ghabhann le CRPD daingnithe ag sé Bhallstát ná ag an AE. Cuireann sé ar chumas daoine aonair gearáin a dhéanamh le Coiste CRPD, agus cuireann sé ar chumas an choiste fiosrúcháin rúnda a thionscnamh tar éis "faisnéis iontaofa a fháil a léiríonn sáruithe tromchúiseacha nó córasacha" ar an gcoinbhinsiún (Airteagal 6).







Bhí idir dul chun cinn agus dul ar gcúl le tabhairt faoi deara i ndáil le cosaint na gceart bunúsach in 2019. Déantar athbhreithniú i d*Tuarascáil um Chearta Bunúsacha 2020 FRA* ar mhórfhorbairtí san AE idir Eanáir agus Nollaig 2019, agus déantar cur síos achomair ar thuairimí FRA ina dtaobh. Agus aird á tarraingt ar na rudaí atá curtha i gcrích agus ar na rudaí ar ábhair imní iad go fóill, soláthraítear sa tuarascáil léargas ar na príomhcheisteanna a bhfuil díospóireachtaí ar fud an AE maidir le cearta bunúsacha á mbunú orthu.

I mbliana, breathnaítear ar an gcaoi a bhfuil Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh á cur i bhfeidhm faoi láthair. Pléitear sna caibidlí eile - comhionannas agus neamh-idirdhealú; ciníochas, seineafóibe agus éadulaingt ghaolmhar; lánpháirtiú na Romach; tearmann agus imirce; an tsochaí faisnéise, príobháideacht agus cosaint sonraí; cearta an linbh; rochtain ar an gceartas; agus forbairtí i ndáil le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas.

FRA EUROPEAN UNION AGENCY FOR FUNDAMENTAL RIGHTS

# PROMOTING AND PROTECTING YOUR FUNDAMENTAL RIGHTS ACROSS THE EU —

Tá *Fundamental Rights Report 2020* (Tuarascáil um Chearta Bunúsacha 2020) FRA ina hiomláine le fáil ag – https://fra.europa.eu/en/publication/2020/fundamental-rights-report-2020

**foilseacháin ghaolmhara an FRA chomh maith:**

— FRA (2020), *Tuarascáil um Chearta Bunúsacha, 2020 – Tuairimí ó FRA*, Lucsamburg, Oifig na bhFoilseachán, https://fra.europa.eu/en/publication/2020/fundamental-rights-report-2020-fra-opinions (ar fáil i ngach ceann de 24 teanga oifigiúil an AE);

— FRA (2020), *Ten years on: unlocking the Charter's full potential [Deich mbliana níos déanaí: poitéinseal iomlán na Cairte a nochtadh]*, Lucsamburg, Oifig na bhFoilseachán, https://fra.europa.eu/en/publication/2020/frr-focus-ten-years-charter (ar fáil i mBéarla agus i bhFraincis).

Tá tuarascálacha Bliantúla FRA roimhe seo maidir leis na dúshláin a bhaineann le cearta bunúsacha agus an méid atá bainte amach san Aontas Eorpach ar fáil fós ar shuíomh gréasáin FRA (ar fáil i mBéarla, Fraincis agus Gearmáinis).

TUILLEADH FAISNÉISE

**FRA – GNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM CHEARTA BUNÚSACHA**
Schwarzenbergplatz 11 – 1040 Vín – an Ostair
Teil +43 158030-0 – Facs +43 158030-699
**fra.europa.eu**

facebook.com/fundamentalrights
twitter.com/EURightsAgency
linkedin.com/company/eu-fundamental-rights-agency

An Chairt AE um Chearta Bunúsacha

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh